COMHAD FÍRICÍ:
TEICNEOLAÍOCHT DHIGITEACH GCSE
Aonad 2
COINCHEAPA DON CHEAPADÓIREACHT DHIGITEACH

Rewarding Learning

Ceapadóireacht Ilmheán

Torthaí Foghlama

Ba chóir do dhaltaí a bheith ábalta:

- Tuiscint a léiriú ar an dóigh a n-úsáidtear clibeanna teanga mharcála hipirtéacs (HTML) leis na heilimintí seo a leanas a bhainistiú i gcruthú suíomhanna gréasáin.
  - Teidil agus.
  - Corp leathanaigh, lena n-áirítear an méid seo a leanas:
    - Dathanna agus Clófhoirne
    - Ceanntásca
    - Línte téacs
    - Paragraif
    - Íomhánna
    - Fuaim
    - Físeán
    - Táblaí
    - Naisc agus
    - Liostaí
- Loighic taobh thiar de shliocht gairid chód HTML a léirmhíniú.

Leathanaigh ghréasáin a chruthú ag úsáid HTML

Seasann HTML do *Hypertext Markup Language* (Teanga Mharcála Hipirtéacs) agus is í an teanga í a úsáidtear le leathanaigh ghréasáin a chruthú. Baineann sí úsáid as clibeanna.

Bíonn siad seo ag sainiú struchtúr leathanach gréasáin agus insíonn don bhrabhsálaí an dóigh le hinneachar leathanach gréasáin a thaispeáint. Ní fheictear na clibeanna féin.

Is iondúil go n-úsáidtear clibeanna ina bpéirí, mar shampla clib oscailte agus clib dhúnta. Bíonn saigheada thart timpeall ar chlibeanna agus bíonn an chuma seo orthu: **<html>** Úsáideann clib dhúnta tulslais agus bíonn an chuma seo air: **</html>**

Gníomhaíocht:

1. Oscail leathanach gréasáin
2. Cliceáil ar dheis agus roghnaigh *'View Source'*
3. Is cód HTML an téacs a fheiceann tú
4. An dtig leat clibeanna ar bith a fheiceáil? Déan liosta thíos

Cuimhnigh gur Meiriceánach a chum HTML agus dá bhrí sin, úsáideann sé litriú Meiriceánach; m.sh. litrítear *center* in áit *centre*, *color* in áit *colour*.

Doiciméad HTML a chruthú

- Cruthaigh fillteán sa limistéar *My Documents* agat darb ainm ***'My Webpage'.***
- Oscail ***Notepad.***
- Clóscríobh na clibeanna seo a leanas:



- Agus tú ag sábháil an doiciméid, caithfidh tú an iarmhír .html a chur leis ionas go n-aithnítear mar leathanach gréasáin é.
- Sábháil an doiciméad notepad i d'fhillteán *'My Webpage'* mar **my webpage.html.**
- Oscail d'fhillteán *My Documents* > *My Webpage*. Ba chóir go mbeadh an chuma seo air:



- Feicfidh tú an doiciméad *'mywebpage.html'* a chruthaigh tú. Cliceáil air go dúbailte lena oscailt agus osclóidh sé i mbrabhsálaí gréasáin.



- Tabhair faoi deara gur '*My First Webpage*' teideal an táib, a cuireadh isteach taobh istigh den chlib <title>.
- Taobh istigh de na clibeanna <body>, bhí na focail '*Hello World*' curtha isteach agat. Feicfidh tú ar an leathanach gréasáin é. Níl aon fhormáidiú déanta air.

Clibeanna a úsáid i ndoiciméad HTML

Úsáid na clibeanna seo a leanas le heagarthóireacht a dhéanamh ar do chéad leathanach gréasáin. Cuimhnigh go gcaithfear na clibeanna seo uilig a chur isteach taobh istigh de na clibeanna <body>. Gach uair dá ndéanann tú athrú ar an doiciméad Notepad '*Mywebpage.html*'.

<table>
<tr><th></th><th>Clib</th><th>Sampla</th></tr>
<tr><td>Clófhoireann
Is féidir leat dath agus cineál na clófhoirne a athrú leis an chlib clófhoirne.
Bain triail as cineálacha agus dathanna difriúla.</td><td>...</td><td>Hello world</td></tr>
<tr><td colspan="3">Toradh:
 
</td></tr>
<tr><td>Ceanntásca
Téacs taobh istigh den phéire clibeanna seo, tá sé formáidithe mar Cheanntásc 1, de ghnáth is é seo an cineál inneachar teidlithe is mó agus is feiceálaí ar an leathanach.</td><td><h1>....</h1>
<h2>....</h2>
<h3>....</h3>
<h4>....</h4>
<h5>....</h5>
<h6>....</h6></td><td><h1>Hello world</h1>
<h2>Hello world</h2>
<h3>Hello world</h3>
<h4>Hello world</h4>
<h5>Hello world</h5>
<h6>Hello world</h6></td></tr>
<tr><td colspan="3">Toradh:
</td></tr>
<tr><td>Briseadh Líne

Baintear úsáid as seo le líne nua a thógáil.</td><td colspan="2">Hello World

Hello Everyone</td></tr>
<tr><td colspan="3">Toradh:
 
</td></tr>
</table>

<table>
<tr><td>Paragraf (Paragraph)
Cuirfidh seo paragraif isteach. Thig leat an a úsáid leis an pharagraf a thosú agus an chlib lena chríochnú.</td><td colspan="2">
Hello Everyone

Hello, this is my first webpage.
 </td></tr>
<tr><td colspan="3">Toradh:
 
</td></tr>
<tr><td>Clib Íomhá
Baintear úsáid as an chlib íomhá le híomhá a chur isteach ar leathanach gréasáin. Déantar íomhánna a nascadh leis an leathanach gréasáin agus ansin cuirtear isteach iad.
Tabhair faoi deara nach bhfuil clib dúnta ag an chlib seo.
Sábháil an lógó scoile don scoil agat isteach san fhillteán ‘My Webpage’. Tabhair ‘logo.jpg air.</td><td><img src=”...”></td><td><img src=”logo.
jpg” width=”100”
height=”100”>

Mura nochtann d’íomhá mar is ceart, seiceáil go bhfuil sí sábháilte san fhillteán cheart agus go bhfuil an comhadainm litrithe mar is ceart agat.</td></tr>
<tr><td>Fuaimeanna
Cuirfidh seo fuaimrian isteach. Cinntigh go bhfuil an comhad fuaime sábháilte san fhillteán chéanna leis an leathanach gréasáin.</td><td><audio
controls>...
</audio></td><td><audio controls>
<source src=”track1.
mp3” type=”audio/
mpeg”>
</audio></td></tr>
<tr><td>Físeán
Cuirfidh seo comhad scannáin isteach. Cinntigh go bhfuil an físeán sábháilte san fhillteán chéanna leis an leathanach gréasáin.
Níl clib dhúnta aige seo. Cosúil leis an íomhá níos luaithe, is féidir leat an físeán a shocrú le bheith ar leithead agus ar airde áirithe.</td><td colspan="2"><embed src=”movie.wmv” height=”200”
width=”300 “/></td></tr>
<tr><td>Táblaí
Thig leat tábla a chur isteach agus sraitheanna agus colúin a úsáid le do leathanach a struchtúrú.
Tá gach sraith sa tábla sainithe leis an chlib <tr>. Tá gach cill sainithe leis an chlib <td>.
Is féidir leat an leithead a shocrú chuig 100% ionas go bhfuil sé trasna an leathanaigh ar fad. Thig leat seo a dhéanamh níos lú más mian leat.
Más mian leat imeall air, socraigh ar ‘1’ é, nó de rogha air sin, socraigh ar ‘0’ é.</td><td colspan="2"><table width=100%>
<tr>
<td> First Cell, First Row </td>
<td> Second Cell, First Row </td>
</tr>

<tr>
<td> First Cell, Second Row </td>
<td> Second Cell, Second Row </td>
</tr>
</table></td></tr>
</table>

Toradh:



Naisc Le nasc a chur isteach úsáideann tú an chlib href. Ní mór é a dhruidim ag úsáid nó beidh gach rud i ndiaidh na clibe seo ina hipearnasc fosta. Má chuireann tú target=_blank isteach, osclóidh an suíomh gréasáin i dtáb nua. Más maith leat go n-osclódh sé sa táb chéanna, ansin fág é seo ar lár.	Cuir isteach nasc i do shuíomh gréasáin chuig suíomh gréasáin CCEA. Is é www.ccea.org.uk an URL. **** **Visit CCEA**

Toradh:



Liostaí Liostaí Liosta ordaithe, úsáideann sé uimhreacha agus an chlib . Liosta neamhordaithe, úsáideann sé pointe le hurchar agus an chlib . Baintear úsáid as an chlib do gach aon rud ar an liosta.	** .... ** **Ordered list e.g. 1, 2, 3** ** .... ** **Unordered list m.sh. pointe le hurchar**	Dathanna - blue - red - yellow Ábhair - Maths - English - Science

Toradh:



Ceisteanna

1. Cad é dó a seasann HTML?
2. Cad é an chlib HTML don cheannteideal is mó?
3. Cad é an chlib HTML le briseadh líne a chur isteach?
4. I bpéire clibeanna, cad é an carachtair de bhreis a chuirtear isteach le clib a chríochnú?
5. Cé acu clib a úsáideann tú do liosta uimhrithe?
6. Cé acu clib a úsáideann tú do liosta gan ord?
7. Cad é an chlib le híomhá darb ainm “image1.jpg” a chur isteach?
8. Tá an cód seo a leanas ó shuíomh gréasáin CCEA Teicneolaíocht Dhigiteach. Mínigh cad é an chosúlacht a bheadh ar an leathanach gréasáin seo: (5 mharc).

```
<p> Tacaíonn an tsonraíocht le haidhm Churaclam Thuaisceart Éireann daoine óga a chumhachtú lena gcumas a chomhlíonadh agus le cinntí eolasacha freagracha a dhéanamh ar feadh a saoil, chomh maith lena chuspóir: </p>

<ul>
<li> an duine óg a fhorbairt mar dhuine aonair </li>
<li> an duine óg a fhorbairt mar dhuine a chuireann leis an tsochaí </li>
<li> an duine óg a fhorbairt mar dhuine a chuireann leis an gheilleagar agus leis an timpeallacht </li>
</ul>

<img src=”CCEAlogo.jpg”>
```

Leabharliosta

- http://www.teach-ict.com/gcse_computing/ocr/215_communications_networking/HTML_importance/miniweb/pg3.php
- https://www.w3schools.com/tags/default.asp

© CCEA 2019